

FEABHRA. (l.16)

Lá síne dá rabhas a siublóid faoin gcoill baisteach liom an gnáth chiall chaol a bhaineas an saoghal mór ar an bhfocal ceol. Mara bhfuil sa gceol ach fuaimeanna cóirighe indiaidh a cheile do réir mar dtugann siad thaithneamh do cluais, is cinnte go mbíonn na coillte lán binnis an uair a bhíos an ghaoth a seinm ar na craobhacha, na filí a dtugtar lánsgód dóibh i gcursaí samhlaidheachta tá ceol na dúilre dá moladh aca leis na cianta caocha. Shelley an bhinnbhéal a sgríobh.

Harmonies
Of the plains and of the skies
Of the forest and of the mountains
Of the many voiced fountains
The clearest echoes of the hills
The softest notes of falling rills
The melodies of birds and bees
The murmuring of summer seas.

Bíonn a phort féin ag gach aon chrann an uair theangbhuigheann Aeolus Rí na nGaotha lena mhéara iad. Tá crocar fada dána i lár sléibhte Chill Mhantáin agus i gceann thoir an chrocair sin tá beann ina sheasamh os cionn gleanna domhain. Tá leasg thoir an cnuic álainn seo clúduigheann faoi choill de chrainnte learoige agus de chrainne péine. Clúduigheann an coill logán is tolán as éadan go dtéigheann sí go mullach an chrocair. Tá airde leaptha clumhaigh de sean-lanna donna na péine faoi na crainnte ar fud na coille de barr sileadh na mblianta, agus tá mealla móra den chaonach raithnighe tall is abhfus ar an leabaidh seo, agus an caonach go bog taitneamhach faoi do theangbhail agus chumra do shróin. Ar colbha an tsrutháin san áit a bhfuil an talamh le fána tá moidhléir liatha de cloch eibhir ar fud an fhána agus léithe na gcloch chómh suaitheantasach le duinne na talamhan ná le uaithne na meall caoinigh.

Solus lag faoi gcoill giúsaighe ó cheann ceann na bliadhna agus neamh- shoiléireacht, mar is ar éigean a gheobhfá glinneamhaint ar an speir suas tríd na gcraobh i lár an t-samhraidh féin tá galáin na gréine caoilighthe chomh mór go mbid gan brigh san am a mbuaileann siad an caonach agus na miosrúin phuca faoi na crainnte. Labhairt íseal a chloisfeá ar éigean ag piobairí agus ag meanntáin ar na géagain árda agus iad a ceileabhar dá céile, agus is mó a airigheann an cluas sostacht na coille chuile am den bhliain ná torann na gleo ar bith dá gcloistear. Níl bláth le fágáil ar fud na coille, níl ceol binn ag na héin ná seabhrán sásta beach le clos agus in aon conair innte. B'aisteach leat gach gleo a bheith marbh, chuirfeadh sé uamhan ort. Ach an dá luath is éirigheann do chluas cleachtadh don áit tusigheann dhá fuaim bheag íseal atá ar fud an aéir. Sí binn-fhuaim íseal na gaoithe í a seineann le méara sidhe ar shlóightibh lann na gcrainnte péine agus dá gcrathadh mar craithgear téadracha míne cláirsigh. I ndeireadh gach dreas cuireann an séideadh ollghlór sollmhanta ina rúsgadh go gcailltear é i mbearnain na coille abfad uainn.

Tig sí dá rúsgadh arís tríd barra na gcrann dá gcrathadh is dá lúbadh a teangbhail de mhór-théada de ruaig aerach a bhaint dreas de leath-nótaí a sé nach raibh ionnta ach ceolta beaga sidheamhla nach bhfuigheadh do chluas greim ortha ach ar éigean, bhíodar chomh caoin chomh mear sin. Ní hé